



An
Phríomh-Oifig
Staidrimh

Central
Statistics
Office

AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

STRAITÉIS SONRAÍ CSO

2026 – 2028





Mar Oifig Staidrimh Náisiúnta na hÉireann, tá ról uathúil iontaofa ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) maidir le Staidreamh Oifigiúil neamhspleách ar ardchaighdeán a sholáthar a dhéanann cur síos ar ár sochaí, geilleagar agus comhshaol. Tríd an obair seo, tacaíonn an CSO le cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise, neartaíonn sé cuntasacht phoiblí, agus cothaíonn sé muinín in úsáid sonraí ar mhaithe leis an leas poiblí. Is cloch mhíle suntasach é foilseachán na Stráitéise Sonraí seo don CSO, ina leagtar amach fíis shoiléir maidir le conas a leanfaidh Staidreamh Oifigiúil le freastail ar leas an phobail agus a dhearbhaíonn ról ceannasaíochta an CSO i múnú éiceachóras sonraí na hÉireann.

I dtírdhreach sonraí atá ag athrú go tapa, i dteannta le timpeallacht reachtaíochta atá ag athrú ag leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon, leanann bunús an Staidrimh Oifigiúil a de bheith bunaithe ar bhailiú agus anailís sonraí príomhúla láidre. Leanann suirbhéanna agus daonáirimh de bheith riachtanach chun iomláine, ionadaíocht agus cruinneas a chinntiú. Mar sin féin, tá úsáid foinsí sonraí riaracháin agus tánaisteacha, i gcomhar le cumais anailíseacha forbartha, ag athmhúnlú an chaoi a gcruthaítear luach staidrimh. Leanfaidh an CSO de bheith ag tacú le comhtháthú na bhfoinsí sonraí seo agus na luachanna a bhaineann le rúndacht staidrimh, ionracas agus cáilíocht an Staidrimh Oifigiúil á gcosaint.

Is i gcoirílár an athraithe seo atá ár ndaoine. Aithnítear go forleathan a saineolas, tiomantas agus oiriúnaitheacht agus tá siad lárnach do rath na straitéise seo. Tá an CSO tiomanta do chumais ár bhfoirne a fheabhsú agus dár scileanna agus saineolas a roinnt chun tacú leis an éiceachóras sonraí níos leithne.

Cinnteoídh caighdeáin sonraí agus idir-inoibritheacht chomh maith le meiteashonraí comhsheasmhacha, aicmithe agus creatlacha cáilíochta go mbeidh éiceachóras sonraí na hÉireann fós nasctha, éifeachtúil agus oiriúnach don fheidhm i ré dhigiteach. Cuireann teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail Intleacht Shaorga (IS) deiseanna suntasacha ar fáil chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar sonraí a phróiseáil, a anailísiú agus

a scaipeadh. Ag an am céanna, ní mór a húsáid fhreagrach a threorú le rialachas láidir, caighdeáin, trédhearcacht agus prionsabail eiticiúla — réimsí ina leanfaidh an CSO de cheannaireacht a sholáthar, i gcomhar lenár sainordú comhairle a thabhairt ar shaincheisteacha sonraí níos ginearálta.

Tá an CSO tiomanta fós don ualach ar sholáthraithe sonraí a laghdú. Beidh neartú phrionsabal 'sonraí tánaisteacha ar dtús' riachtanach chun an sprioc seo a bhaint amach. Trí mhodhanna bailithe níos cliste a chur i bhfeidhm, agus ár gcumais innealtóireachta sonraí a leathnú, is féidir linn léargais níos saibhre a sholáthar agus dúbláil agus éilimh tuairiscithe ar shaoránaigh agus ar ghnólaigh araon a laghdú.

Forbraíodh an straitéis sonraí seo i gcomhar lenár Ráiteas Straitéise nua a leagann amach na haidhmeanna, na tosaíochtaí agus an treo straitéiseach don CSO thar na trí bliana amach romhainn. Cuirfidh ár straitéis sonraí treoir ar fáil freisin dár straitéisí Teicneolaíochta agus Daoine (Le Chéile) atá á bhforbairt faoi láthair.

Jennifer Banim
Ard-Stiúrthóir an CSO

Déanaimid cur síos ar Éirinn agus ar a háit ar domhan. Úsáidimid caighdeáin idirnáisiúnta chun príomhshonraí agus príomhléargas iontaofa a tháirgeadh maidir lenár sochaí, ár ngeilleagar, agus ár dtimpeallacht, lena n-úsáid ag líonta tí, pobail, gnólachtaí, cinnteoirí, seirbhísí poiblí agus taighdeoirí.

Feidhmíonn an CSO ag croílár éiceachóras sonraí náisiúnta níos leithne a bhraitheann ar rialachas éifeachtach, rochtain ar shonraí, agus úsáid sonraí chun cinntí a threorú agus luach poiblí a sholáthar. Neartóidh ról ceannaireachta an CSO san éiceachóras seo, atá leagtha amach i reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach, scála agus réimse táirgeadh Staidrimh Oifigiúil trí na forbairtí a dtacaítear leo faoin Straitéis Sonraí seo.

Leagann an straitéis sonraí seo amach an chaoi a leanfaidh an CSO ag forbairt mar cheannaire iontaofa i gcóras sonraí na hÉireann, agus ag an am céanna a chinntiú go mbeidh Staidreamh Oifigiúil fós neamhspleách, ábhartha agus in ann freastal ar riachtanais sonraí an domhain atá ag athrú go tapa. Forbraíodh í bunaithe ar mheasúnú ar threochtaí inmheánacha agus seachtracha agus tugann sí mionsonraí ar Mhúnla Sonraí Náisiúnta nua atá deartha chun tacú le bonneagar sonraí náisiúnta níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí a bhaineann leas as sonraí mar acmhainn náisiúnta. Tá an cur chuige chun é seo a bhaint amach bunaithe ar chroíluchanna agus ar phrionsabail an CSO agus leagann sé amach na príomhghníomhartha atá ag teastáil chun é seo a chur i bhfeidhm ar fud na Seirbhíse Sibhialta agus Poiblí.



Aithnítear sonraí anois mar phríomhghné de bhonneagar náisiúnta, a thacaíonn le hathléimneacht eacnamaíoch, cuntasacht dhaonlathach, agus nuálaíocht san earnáil phoiblí. Is gá le comhordú méadaithe, saineolas teicniúil, maoirseacht eiticiúil, agus muinín phoiblí chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Freagraíonn an straitéis seo do thiománaithe seachtracha agus inmheánacha araon. Éilíonn ráchairt méadaithe ó úsáideoirí ar an CSO léargais thráthúla, chomhtháite agus iltoiseacha a sholáthar. Baineann an CSO úsáid níos mó as foinsí sonraí éagsúla agus Staidreamh Oifigiúil á fhorbairt aige, lena n-áirítear sonraí riaracháin agus sonraí atá i seilbh phríobháideach. Trí oibriú chun comhleanúnachas, cáilíocht agus comhsheasmhacht na bhfoinsí sonraí go léir a chinntiú, is féidir linn luach an tírdhreacha sonraí níos saibhre seo a uasmhéadú.

Leagann an straitéis amach an chaoi dtreoróidh an CSO forbairt córas sonraí náisiúnta iontaofa, nasctha agus freagrach, agus ag an am céanna a chumas agus a ábaltachtaí féin a neartú, chomh maith leis an réimse aschur agus seirbhísí staidrimh a sholáthraímid. Díritear ar inrochtaineacht a fheabhsú, scileanna anailíseacha a fheabhsú, agus tacú le nuálaíocht trí chaighdeán shoiléire, creatlacha modheolaíochta agus rialachas láidir.

Ní féidir na deiseanna seo a bhaint amach go hiomlán ach trínár bhfórsa saothair sáraithe agus tiomnaithe, a gcuireann a saineolas ar chumas na heagraíochta a bheith nuálach agus léargais den chaighdeán is airde a sholáthar. Réitíonn an straitéis seo an bealach freisin dár Seirbhís Staidrimh Náisiúnta (NSS) a thábhacht straitéiseach a fheabhsú sa tSeirbhís Shibhialta agus Phoiblí (CPS), ag neartú a tionchair agus ag cur le rath na straitéise seo.

Cuireann an Bonneagar Sonraí Náisiúnta (NDI) bunús láidir ar fáil don obair seo. Tríd an NDI, tá an CSO ag leabú caighdeáin, scileanna agus seirbhísí a éascaíonn bainistíocht sonraí shábháilte agus eiticiúil. Tá tionscnaimh agus seirbhísí amhail an Creat Bainistíochta Cáilíochta, an NSS, agus Seomraí Sonraí Fíorúla (VDR) ag athmhúnlú an chaoi a mbainistítear, a gcomhtháthaítear agus a n-úsáidtear sonraí chun luach poiblí a sholáthar.

Neartaíonn an Straitéis Sonraí comhoibriú, agus ról agus teorainneacha soiléire á mbunú aici, agus dá bhrí sin déanann sí ceannaire sonraí iontaofa den CSO. Leagann an straitéis amach an chaoi a n-oibreoidh an CSO le comhpháirtithe chun léargas níos fearr a fhorbairt i gcomhpháirt agus a sheachadadh, agus ag an am céanna neamhspleáchas reachtúil a chothabháil, rúndacht a chosaint, agus ionracas an Staidrimh Oifigiúil a chaomhnú. Chun aghaidh a thabhairt ar éileamh atá ag fás agus ar chastacht iarrataí úsáideoirí atá ag méadú, tá an CSO tiomanta dá chórais, cumais agus rialachas inmheánach a nuachóiriú, lena chinntiú go mbeidh sé fós ábhartha, seasmhach agus ullmhaithe do dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Dá bhrí sin, tá an straitéis seo dírithe isteach agus amach araon, ag neartú acmhainne eagraíochtúla agus ag an am céanna ag treisiú ceannaireacht an CSO laistigh d'éiceachóras sonraí náisiúnta na hÉireann atá ag forbairt.

Seasann an straitéis seo le fíis an CSO de “Léargas Neamhspleách do Chách” agus cuireann sí an sprioc seo chun cinn trína misean:

“Forbairt éiceachóras sonraí náisiúnta na hÉireann a threorú trí leas a bhaint as sonraí mar acmhainn straitéiseach - iontaofa, inrochtana agus cumhachtach.”

Agus an misean seo á shaothrú aige, tacóidh an CSO le seirbhísí poiblí níos fearr, cuirfidh sé bonn eolais faoi chinntí beartais, agus cuirfidh sé trédhearcacht níos mó chun cinn trí Staidreamh Oifigiúil ardchaighdeán a sholáthar. Soláthróidh an CSO réimse seirbhísí sonraí, leagfaidh an CSO síos caighdeán láidre, agus treoróidh an CSO úsáid fhreagrach sonraí ar fud an rialtais.

Tríd an straitéis seo, feabhsóidh an CSO bainistíocht, comhtháthú agus úsáid sonraí agus, ag an am céanna, cuirfidh sé na caighdeán is airde cáilíochta, ionracais agus iontaofachta chun cinn i dtáirgeadh Staidrimh Oifigiúil. Trí fheabhas teicniúil, rialachas eiticéil agus saineolas gairmiúil a thabhairt le chéile, neartaíonn an straitéis seo prionsabail neamhspleáchais agus údaráis an CSO, ag uasmhéadú luach na sonraí don phobal.



LUACHANNA AGUS PRIONSABAIL THREORACHA

Tá luachanna an CSO, a maireann ár ndaoine dá réir, lárnach don chaoi a gcuirimid an straitéis seo i bhfeidhm:

Tacaíonn luachanna an CSO leis an Straitéis Sonraí, agus déanann siad eolas do na prionsabail threoracha a shainíonn ár gcur chuige maidir le ceannaireacht sonraí. Feidhmíonn na prionsabail seo i dtimpeallacht ina bhfuil éileamh atá ag méadú ar shonraí, Staidreamh Oifigiúil agus saineolas staidrimh, mar atá leagtha amach i Roinn VII, agus cuireann siad bonn faoi ghníomhartha agus aschuir na straitéise.



Neamhspleáchas

Táimid oibiachtúil, neamhchlaonta agus bímid ag feidhmiú le hionracas i gcónaí.

Iontaofacht

Táimid macánta agus trédhearcach. Cloímid le caighdeáin idirnáisiúnta staidrimh agus cuirimid táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil ar bhealach eiticiúil.

Barr Feabhais sa tSeirbhís Phoiblí

Úsáidimid ár saineolas chun seirbhís phoiblí atá éifeachtach, a thugann luach ar airgead agus atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Athrú a Threorú

Táimid uailmhianach, nuálach, oiriúnaitheach agus oibrímid ar bhealach comhoibríoch chun próisis agus táirgí a fheabhsú. Tá caidreamh gníomhach againn lenár bpáirtithe leasmhara agus cabhraímid le daoine eile chun freastal ar an bpobal.

Rúndacht

Cuirimid na caighdeáin is airde rúndachta agus measa i bhfeidhm ar phríobháideacht sonraí.

1. Neamhspleáchas agus údarás

- Neartaíonn an straitéis seo ár neamhspleáchas. Is é an CSO an t-údarás fós ar Staidreamh Oifigiúil faoin Acht Staidrimh 1993.
- Baineann ár gceannaireacht san éiceachóras sonraí le húsáid fhreagrach a threorú. Leanaimid de na caighdeáin do cháilíocht staidrimh agus d'ionracas sonraí a leagan amach.



2. Ailíniú le Luachanna an CSO

- Seasann an CSO ar son muiníne, críochnúlachta agus neamhchlaontachta. Tapaíonn an straitéis seo forbairt obair an CSO ar fud an CPS níos leithne chun na tréithe seo a neartú.

3. An Fhoireann a Chumasú

- Cuirfidh an straitéis seo ar cumas ar bhfoirne oibriú níos cliste, le huirlisí níos fearr, struchtúir níos soiléire agus tacaíocht níos mó.
- Cabhróidh rannóga bunaithe ar théamaí agus Comhordaitheoirí Seirbhísí Sonraí le dúbláil a laghdú, comhoibriú a fheabhsú, agus le ligean don fhoireann díriú ar anailís ardluacha agus nuálaíocht chun léargas níos fearr a sholáthar do gach úsáideoir Staidrimh Oifigiúil.

4. Comhoibriú le meas ar theorainneacha

- Coinneoimid orainn ag comhoibriú le comhlachtaí eile CPS chun tacú le rochtain fheabhsaithe ar shonraí agus le húsáid sonraí, ach i gcónaí laistigh de chreat a chosnaíonn ról reachtúil an CSO agus rúndacht ár sonraí.
- Beidh comhpháirtíochtaí fós rialaithe ag comhaontuithe soiléire a shainíonn ról, freagrachtaí agus teorainneacha.

5. An CSO a ullmhú don todhchaí

- Éilíonn méid agus castacht sonraí cur chuige nua-aimseartha, freagrúil. Trí thógáil ar ár láidreachtaí, ullmhaíonn an straitéis seo an CSO don todhchaí, ag cinntiú go bhfanann muid ábhartha, seasmhach agus réidh chun dul i ngleic le dúshláin nua in obair Staidrimh Oifigiúil atá ag forbairt agus na sonraí atá mar bhonn faoi thorthaí agus seirbhísí an CSO.
- Feabhsaíonn an straitéis freisin an luach le bailiú sonraí príomhúla trí dhíriú ar ábhair ina bhféadfaidh sí an luach is mó a chur leis agus trí ualach freagróirí a laghdú trí chur chuige spriocdhírithe.

STRAITÉIS SONRAÍ CSO: PRÍOMHCHOLÚIN

Chun ár misean agus ár luachanna a aistriú ina ngníomh, tá na príomhghníomhartha insoláthartha struchtúrtha againn timpeall cúig phríomhcholún straitéiseacha atá bunaithe ar an timpeallacht ina bhfeidhmímid. Díríonn na tacaí seo ár n-iarrachtaí, tiomáineann siad torthaí, agus soláthraíonn siad creat soiléir chun córas sonraí náisiúnta iontaofa, éifeachtach agus todhchaí-dhírthe a sheachadadh:



Léargas Dírithe ar an gCustaiméir



Sonraí a mBíonn Toradh Leo

Sonraí Iontaofa



Iontaofa de réir Dearaidh

Sonraí Náisiúnta Nasctha



Léargais Chomhtháite

Daoine a Chumasú



Cumas a Fhorbairt

Nuálaíocht le haghaidh Tionchair



Réitigh Nua a Spreagadh

ANAILÍS TIMPEALLACHTA

Tá an straitéis seo bunaithe ar anailís timpeallachta, is é sin ár dtuiscint ar an tírdhreach seachtrach a shainaithníonn príomhdheiseanna agus dúshláin. Tá an cur chuige seo bunaithe ar na croíluachanna atá mar bhonn faoi obair an CSO. Le chéile, cuireann na gnéithe seo ar chumas an CSO straitéis chuimsitheach agus inoiriúnaithe a leagan amach atá in ann freagairt do thimpeallacht sheachtrach atá ag síorathrú.



Déantar achoimre ar na príomhthéamaí thíos:

Príomhthreocht 1:

Anailís Timpeallachta

Castacht Bhreisithe

Dúshláin shochoíocha idirspiléacha a éilíonn staidreamh iltoiseach, cur chuige fadtéarmacha, agus ina gcruthaíonn réitigh i réimse amháin dúshláin i réimsí eile go minic.

Freagairt Straitéiseach

Iltoiseach mar réamhshocrú

Is mó an seans anois go léireoidh ceistanna a ardaíonn úsáideoirí Náisiúnta castachtaí shochoí na hÉireann ós rud é nach bhfuil beartais ann a thuilleadh i sadhlanna aonair. Ní féidir freastal ar na riachtanais seo trí níos mó ceistanna a chur lenár suirbhéanna, mar sin ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil an cumas ag gach rannóg den CSO tuairisciú go hiltóiseach.

Seirbhísí atá ailínithe go himmheánach

I gcomhar leis an CPS, d'éirigh go hiontach leis an CSO dul chun cinn a dhéanamh ar an NDI, ach léiríonn aiseolas ó úsáideoirí seirbhíse go mbíonn aird acu ar eolas dírithe ar earnáil mar fhreagra ar a gceistanna maidir le sonraí agus seirbhísí. Is é seo freisin an tsamhail is fearr leo dár rannóga nua téamabhunaithe. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil an tseirbhís a sholáthraímid chomh sainiúil don réimse agus is féidir, agus ag an am céanna seirbhísí tacaíochta an CSO a ailíniú chun a chinntiú go seachadtar an tseirbhís ar bhealach comhordaithe.

Tacaí na Straitéise

Léargas
Dírithe ar an
gCustaiméir



Iontaofa
de réir
Dearaidh

Sonraí
Náisiúnta
Nasctha



Léargais
Chomhtháite

Nuálaíocht
le haghaidh
Tionchair



Réitigh
Nua a
Spreagadh

Príomhthreocht 2:

Anailís Timpeallachta

Iontaoibh agus Rialachas

Ionchais na saoránach maidir le trédhearcacht, cleachtais eiticiúla agus ionracas cultúrtha mar bhunchlocha dlisteanachta.

Freagairt Straitéiseach

Tacú le leas an phobail

We have an essential skillset and valuable data
Tá tacar scileanna riachtanach agus acmhainní sonraí luachmhara againn in earnáil phoiblí atá ag iarraidh torthaí níos fearr a bhaint amach dá custaiméirí. Agus ár luachanna á gcleachtadh againn i gcónaí, táimid in áit mhaith tacú le daoine eile a bhfuil baint níos mó acu leis an gcinnteoireacht agus meas á léiriú againn ar luachanna an CSO maidir le neamhspleáchas, iontaofacht agus rúndacht.



Príomhthreocht 3:

Anailís Timpeallachta

Claochlú Digiteach

I measc na bpríomhthreochtaí tá Digiú agus Sonraíochtú le leathnú gabhála sonraí fíor-ama agus comhtháthú Aitheantóirí Sonraí Náisiúnta. Béim níos mó ar Chaighdeán agus Eitic IS le níos mó glacadh le IS. Fás maidir le ról speisialtóra teicniúla amhail innealtóireacht sonraí agus anailísíocht.

Freagairt Straitéiseach

Dírthe ar an gcustaiméir (seachas ar an táirge)

Mar thoradh ar ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta, tá fócas láidir ar tháirgí staidrimh ós rud é go mbíonn na modhanna táirgthe leagtha síos sa dlí de ghnáth, chomh maith leis an bhfaisnéis a theastaíonn. Tá ár n-úsáideoirí náisiúnta dírithe go príomha ar na freagraí is cruinne ar a riachtanais, beag beann ar an bhfoinse sonraí bhunúsach. I go leor cásanna, teastaíonn cabhair ó chustaiméirí freisin chun a n-éilimh a fhoirmliú i gcomhthéacs na sonraí atá ar fáil.



Príomhthreocht 4:

Anailís Timpeallachta

Éifeachtúlacht Oibríochtúil

Dúbláil agus constaicí a laghdú chun éifeachtúlacht a mhéadú, taithí na saoránach a fheabhsú, agus tacú le hiomaíochas.

Tacú le seirbhísí poiblí chun torthaí láidre a sholáthar a thacaíonn le luach ar airgead.


Freagairt Straitéiseach

Sonraí tánaisteacha ar dtús

Glacfaidh an CSO le prionsabal sonraí tánaisteacha ar dtús agus torthaí staidrimh nua á bpleanáil aige, bunaithe ar ár dtaithí ar úsáid sonraí riaracháin agus tánaisteacha chun táirgí nuálacha a sholáthar agus ualach freagróirí a laghdú. Beidh iarratais fós ina mbeidh suirbhéanna nua mar an t-aon rogha inmharthana (m.sh. faisnéis cháilíochtúil nó staidreamh Eorpach comhchuibhithe).

Foireann Chumasaithe

Infheistiú a dhéanamh inár ndaoine chun a bhforbairt ghairmiúil a neartú agus iad a chumasú chun sonraí a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtach, le tacaíocht ó chórais láidre, ailtireacht agus tacair scileanna.



SAMHAIL CHÉIMEANNA SONRAÍ NÁISIÚNTA

Beidh Samhail Chéimeanna Sonraí Náisiúnta mar bhonn le dul chun cinn sa Straitéis Sonraí a thomhas. Leagfar amach méadracht oibiachtúil do gach Céim Sonraí sa phlean cur chun feidhme ionas go mbeidh dul chun cinn infheicthe i dtreo soláthar iomlán na straitéise. Déanfar na príomhghníomhartha faoi na 5 thaca straitéiseacha a ailíniú freisin leis na Céimeanna Sonraí ionas go mbeidh a fhios ag an bhfoireann CSO conas a thacaítear leo ó chéim go céim.



Léiríonn an tsamhail an chaoi a bhforbraíonn cumas sonraí ar fud an chórais, ag forbairt ó thacair sonraí scoite go héiceachóras lán-chomhtháite, comhoibriúch atá in ann léargais agus luach ar leibhéal náisiúnta a sheachadadh. Is í an tsamhail seo bunús ár straitéise, ag nascadh tacaí na Straitéise Sonraí leis na deiseanna agus na dúshláin a sainaithníodh. Ailíníonn sí go sonrach:

- Léargas Dírithe ar an gCustaiméir – Sonraí a mBíonn Toradh Leo: Tacú le torthaí eolasacha trína chinntiú go ngineann sonraí léargais ghníomhacha, fhiúntacha.
- Sonraí Iontaofa – Iontaofa de réir Dearaidh: Muinín a neartú trí rialachas láidir agus iontaofacht.
- Sonraí Náisiúnta Nasctha – Léargais Chomhtháite: Úsáid níos leithne sonraí náisiúnta a chumasú trí thacair sonraí a nascadh ar fud an chórais chun léargas cuimsitheach a sholáthar.
- Daoine a Chumasú – Cumais a Fhorbairt: Cumas a fhorbairt trí na scileanna agus an saineolas riachtanach a fhorbairt chun sonraí agus Staidreamh Oifigiúil a bhainistiú, a threisiú agus a chur in iúl go héifeachtach.
- Nuálaíocht le haghaidh Tionchair – Réitigh Nua a Spreagadh: Nuálaíocht a chothú trí léargais sonraí a aistriú ina réitigh phraiticiúla, chlaohlaitheacha.

I dteannta le Samhail Chéimeanna Forbartha Sonraí Náisiúnta, soláthraíonn na tacaí straitéiseacha seo treochlár soiléir d'earnáil phoiblí nasctha, bunaithe ar shonraí, ina mbíonn sonraí ar ardchaighdeán, a bhainistítear go freagrach, mar bhonn faoi chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise, a spreagann nuálaíocht, agus ina n-uasmhéadaítear luach na sonraí ar mhaithe leis an leas poiblí. Tá achoimre ar an tsamhail thíos:

CÉIMEANNA FORBARTHA SONRAÍ NÁISIÚNTA

Méadaíonn an Léargas

3-Comhoibríoch

4-Geataí Sonraí Náisiúnta

2-Saincheaptha

1-Measc

Sonraí príomhúla agus tánaisteacha – sonraí suirbhé a chomhcheangla le sonraí riaracháin chun ualach a laghdú agus riachtanais bhreise a chomhlíonadh

Saineolas earnála comhcheangailte leaineolas sonraí an CSO

Grúpaí idirchaidrimh ghníomhacha
Tionscadail cheannródaíochas
Suirbhé beartais (SVS, Suirbhé Muiníne)
Iarratais bunaithe ar bheartas

Cur chuige bunaithe ar réimse faoi stiúir Saineolaithe Ábhair an CSO (SMEEnna)
Déanann an SME a líonra féin a mhapáil

Seomraí Sonraí Fíorúla bunaithe ar thionscadail mar chuid de thairiscint na SMEEnna

Seachas sin, comhlíonann an SME riachtanais trí shuirbhéanna, nascadh, srl.

An córas a chumasú le roinnt cúraimí stiúrtha i ngach réimse sonrach

Spásanna téamacha – faoi stiúir líonra – cumasaithe ag ról Airteagal 7 DGA an CSO

Infhaighteacht mhéadaithe sonraí atá i seilbh phríobháideach

Cur chuige foirmeálta maidir le comhoibriú

Rochtain do thaighdeoirí sna spásanna sonraí

Caighdeán

Bailiú Sonraí Príomhúla

Saincheaptha

Ceannaireacht Dírithe ar Rialachas

An CSO ag fáil sonraí na hearnála poiblí

Ceannaireacht Ghníomhach Sonraí

An CSO ag úsáid sonraí na hearnála poiblí chun léargais a sholáthar

Ceannaireacht Réamhghníomhach Sonraí

Ranna ag comhlíonadh riachtanais chasta sonraí – le tacaíocht ón CSO

Ceannaireacht Chomhroinnte Sonraí

Ranna ag úsáid spásanna sonraí faoi rialachas chun riachtanais sonraí a chomhlíonadh – éascaithe ag an CSO

Infheistíocht NDI – Caighdeán, Scileanna agus Seirbhísí

NDI ag Aibíú

Díríonn an tsamhail ar cheithre phríomhchéim le bunús tacaíochta:

1. Measctha – Ár bPríomhshainordú a Chomhlíonadh

Ag an gcéim mheasctha, déantar sonraí ó iliomad foinsí, de ghnáth sonraí suirbhé agus riaracháin, a chomhcheangal chun críocha anailíseacha atá sonraithe ag an CSO chun freastal ar riachtanais náisiúnta nó le rialacháin idirnáisiúnta. Tacaíonn bainistíocht áitiúil sonraí le hanailís dhírithe agus nuálaíocht laistigh de réimsí, ag cruthú bunús le haghaidh comhtháthú agus ailíniú níos mó sna céimeanna ina dhiaidh sin.

Tábhacht straitéiseach: Tógann an chéim seo acmhainn bhunúsach don chomhtháthú sonraí chun ról an CSO maidir le Staidreamh Oifigiúil a tháirgeadh agus ualach freagartha a bhainistiú a chomhlíonadh, agus leagann sí béim ar an ngá atá le comhleanúnachas agus idir-inoibritheacht níos mó. Ceadaíonn sí freisin foinsí nua sonraí a thabhairt isteach, lena n-áirítear ár n-úsáid leathnaithe agus an cumas amach anseo a bhaineann le sonraí atá i seilbh phríobháideach.

2. Saincheaptha – Luach a Dhíghlasáil trí Shonraí Tánaisteacha

Le dul ar aghaidh chuig sonraí saincheaptha, léirítear aistriú i dtreo rochtain níos leithne ar shonraí tánaisteacha ó iliomad foinsí, rud a chumasaíonn torthaí staidrimh níos oiriúnaithe agus níos téamaí chun freastal ar riachtanais atá sonraithe ag páirtithe leasmhara náisiúnta agus a tháirgtear ag an CSO.

Tábhacht straitéiseach: Léiríonn sé cumas an chórais, atá ag fás, chun sonraí atá ann cheana a athúsáid chun críocha náisiúnta, agus ag an am céanna dúbláil a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

3. Comhoibríoch – Ag Obair Thar Theorainneacha

Baintear an chéim chomhoibríoch amach nuair a roinneann ranna, gníomhaireachtaí agus an CSO sonraí agus saineolas go gníomhach ar bhonn earnála. Tacaítear leis seo trí rialachas láidir, ceannaireacht sonraí atá ag forbairt, scileanna méadaithe, agus úsáid modhanna staidrimh amhail rialú nochtaithe staidrimh. Tacaítear le páirtithe leasmhara a gcuid staidrimh féin a tháirgeadh le linn na céime seo trí VDRanna agus trí chomhairle ó shaineolaithe an CSO, cé go bhfuil deiseanna comh-fhorbartha teoranta ag ‘sadhlananna’ sonraí ar leith.

Tábhacht straitéiseach: Léiríonn sé athrú cultúrtha agus oibríochtúil ó bhainistíocht sonraí bunaithe ar chomhlíonadh go comhoibriú agus nuálaíocht chomhpháirteach.


4. Geataí Sonraí Náisiúnta – Lánacmhainneacht na Sonraí a Réadú

Léiríonn na Geataí Sonraí Náisiúnta an leibhéal aibíochta is airde, nuair a chuirtear sonraí suirbhé, sonraí tánaisteacha agus sonraí atá i seilbh phríobháideach le chéile i réimsí téamacha (m.sh. Sláinte, Tithíocht, Geilleagar). Déantar na geataí seo a chomhfhorbairt agus a chomhstiúradh ag saineolaithe an CSO agus comhpháirtithe córais, ag cinntiú go gcuireann caighdeáin náisiúnta agus saineolas réimse araon lena ndearadh agus lena bhfeidhmiú, agus tacaíocht acu uile ó chreat rialachais láidir an CSO. Beidh Staidreamh Oifigiúil agus faisnéis le haghaidh úsáide seirbhíse poiblí bunaithe ar na bunúis láidre chéanna. Feidhmíonn an NSS mar acmhainn lárnach anseo, ag gníomhú mar líonra straitéiseach a neartaíonn comhoibriú, a chinntíonn comhsheasmhacht ar fud an chórais, agus a uasmhéadaíonn luach agus tionchar comhpháirtíochtaí sonraí.

Tábhacht straitéiseach: Is bunchloch fhís sonraí an CSO iad na geataí, ag cumasú rochtain chomhordaithe, shábháilte agus fhreagrach ar fhoinsí sonraí príomhúla, tánaisteacha, atá i seilbh phríobháideach agus atá ar fáil go poiblí. Cuimsíonn siad cur chuige “ar fud an chórais” maidir le húsáid sonraí chun léargais náisiúnta chomhtháite a sholáthar.

I gcomhar le páirtithe leasmhara an chórais, éascóidh na Geataí Sonraí Náisiúnta rochtain faoi rialachas ar na trí shraith sonraí atá leagtha amach sa tsamhail thíos, ag tacú le léargais chomhtháite, iontaofa agus inghníomhaithe. Tá an baint dhíreach ag an CSO leis an gcéad dá shraith agus tacaíonn sé le gníomhaíocht sa tríú sraith trí chaighdeáin, scileanna agus seirbhísí an NDI.

GEATAÍ SONRAÍ NÁISIÚNTA



Chun an claochlú seo a chur chun cinn, táimid ag seoladh líonra Comhordaitheoirí Seirbhísí Sonraí CSO. Beidh na ceannairí seo rithábhachtach chun comhtháthú a chur chun cinn ar fud réimsí téamacha éagsúla, chun comhsheasmhacht i soláthar sonraí a chinntiú, agus chun comhoibriú laistigh den earnáil phoiblí a fheabhsú. Oibreoidh siad go straitéiseach le comhghleacaithe earnálacha an NSS agus le daoine eile chun iarrachtaí a ailíniú, saineolas a roinnt, agus caighdeán náisiúnta i mbainistíocht sonraí a threisiú. Beidh ról rithábhachtach ag na comhordaitheoirí freisin i gcur chun cinn soláthar léargais atá dírithe ar an gcustaiméir ar bhealach níos fearr.

Bunúis Thacaíochta na Samhla

Tá rath Chéimeanna Forbartha Sonraí Náisiúnta bunaithe ar thrí phríomhbhunús: Sonraí Príomhúla, an NDI, agus Ceannaireacht Sonraí atá ag Forbairt.

- **Éiríonn bailiú Sonraí Príomhúla** níos spriocdhírithe agus níos straitéisí de réir mar a théann an tsamhail ar aghaidh, faoi threoir cur chuige “sonraí tánaisteacha ar dtús”. Tosaíonn an CSO ar dhíriú iarrachtaí suirbhé ar réimsí nach féidir léargais nua a bhaint as sonraí atá ann cheana, ag cinntiú an luacha agus na héifeachtúlachta is mó. Soláthraíonn an straitéis réimse tacaíochtaí breise do bhailiú sonraí príomhúla, lena n-áirítear tacaíochtaí innealtóireachta sonraí agus teagmhála freagróirí. Tacaíonn sí freisin le rannpháirtíocht níos doimhne le páirtithe leasmhara ar leibhéal earnála.
- **Soláthraíonn an Bonneagar Sonraí Náisiúnta** cnámh droma struchtúrtha an chórais sonraí, ag cur ar chumas sonraí sreabhadh go héifeachtach ón mbailiú go dtí léargas. Bunaithe ar na tacaí Caighdeán, Scileanna agus Seirbhísí, cuireann sé cáilíocht chun cinn, forbraíonn sé cumas, agus soláthraíonn sé sonraí iontaofa, inrochtana.
- **Forbraíonn Ceannaireacht Sonraí atá ag Forbairt** ó rialachas dírithe ar chomhlíonadh i dtreo cultúr comhroinnte cuntasachta agus nuálaíochta. De réir mar a dhéantar freagracht a tharmligean, leabaítear bainistíocht sonraí mar chuid de chleachtas laethúil, ag cumasú ranna agus gníomhaireachtaí chun sonraí a úsáid go muiníneach agus go freagrach.

Le chéile, cinntíonn na bunúis seo go bhfanann éiceachóras sonraí na hÉireann comhleanúnach, iontaofa agus réidh don todhchaí, ag cur ar chumas an CSO ceannaireacht a thabhairt agus luach a sholáthar trí léargas bunaithe ar fhianaise.

PRÍOMHGHNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA

Ag tógáil ar Chéimeanna Forbartha Sonraí Náisiúnta, soláthraíonn an straitéis seo creat don chaoi a mbainistear, a roinnfear agus a n-úsáidfear sonraí chun torthaí níos fearr a sholáthar don tsochaí. Aithnítear sonraí mar acmhainn náisiúnta le leas a bhaint aisti go freagrach, go sábháilte agus go nuálach, i gcomhar le páirtithe leasmhara ar fud an chórais. Dírithe ar na cúig thaca straitéiseacha, treoraíonn an straitéis sraith tionscnamh spriocdhírithe a aistríonn uailmhian ina ngníomh, ag neartú rialachais, ag éascú rochtana, ag forbairt scileanna, agus ag spreagadh nuálaíochta chun a chinntiú go leanann éiceachóras sonraí na hÉireann ag forbairt agus ag soláthar luacha.



Déantar achoimre thíos ar na príomhghníomhartha straitéiseacha chun an straitéis seo a sholáthar de réir taca straitéise:

- » **Geataí Sonraí Náisiúnta** – Creat comhordaithe a bhunú le geataí sainiúla don réimse a sholáthraíonn rochtain faoi rialachas agus shábháilte ar thacair sonraí ardluacha ar fud na hearnála poiblí, ag cinntiú go bhfuil sonraí comhtháite, iontaofa agus inghníomhaithe le haghaidh cinnteoireachta náisiúnta.
- » **Seirbhísí Tacaíochta Sonraí** – Seirbhísí cuimsitheacha sonraí, treoir mhodheolaíochta agus uirlisí anailíseacha a sholáthar a chuireann ar chumas eagraíochtaí san earnáil phoiblí sonraí a rochtain, a chomhtháthú agus a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil, ag forbairt cumais ar fud an chórais.
- » **Táirgí Sainiúla don Réimse** – Tionscnaimh spriocdhírithe a chur i bhfeidhm i réimsí tosaíochta (m.sh. Tithíocht, Sláinte, Leanaí) ina n-úsáidtear sonraí comhtháite go gníomhach ag saineolaithe ábhair chun tacú le cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise, eolas a dhéanamh do bheartas, agus torthaí sóisialta intomhaiste a sholáthar.
- » **Prionsabal Sonraí Tánaisteacha ar dtús** – ár n-úsáid sonraí tánaisteacha a leathnú go leanúnach agus sonraí príomhúla nua a bhailiú ach amháin tar éis gach foinse thánaisteach ábhartha a mheas agus a ídiú go hiomlán..

Léargas
Dírithe ar an
gCustaiméir




Iontaofa
de réir
Dearaidh

- » **Creat Iontaoibhe agus Eitice** – Struchtúir iontaoibhe agus prionsabail eiticiúla a bhunú agus a leathnú, ag léiriú cleachtais fhreagracha sonraí trí chásanna úsáide trédhearcacha, fíorshaoil ar fud na seirbhíse poiblí.
- » **Rialachas Sonraí** – Creatlacha rialachais a neartú, próisis bhainistíochta sonraí a bheachtú, agus comhlíonadh le beartais rialála agus eagraíochtúla atá ann cheana a chinntiú. Áirítear leis seo forbairt agus nuashonrú bheartais an CSO i réimsí úsáid IS, Sonraí Riaracháin, Bainistíocht Sonraí, Rochtain Taighdeoirí, agus Seomraí Sonraí Fíorúla, chun comhsheasmhacht, slándáil agus iontaoibh a chothabháil ar fud gach gníomhaíochta sonraí.
- » **Trédhearcacht Próisis** – Faisnéis shoiléir, inrochtana a fhoilsiú ar mhodheolaíochtaí, teicneolaíochtaí, meiteashonraí, agus bearta cáilíochta sonraí chun cur ar chumas úsáideoirí sonraí na hearnála poiblí a thuiscint, a atáirgeadh agus muinín a bheith acu astu.
- » **Saolré Bainistíochta Sonraí** – Beartais a chur i bhfeidhm maidir le cartlannú, coimeád agus scríosadh sonraí, agus faisnéis a chosaint ar feadh a saolré iomlán.
- » **Tacaíochtaí Rochtana Sonraí Iontaofa** – Meicníochtaí rochtana rialaithe a sholáthar a fhreastalaíonn ar oscailteacht agus ar chosaint sonraí íogaire.



- » **NDAN (Líonra Náisiúnta Sonraí agus Anailísíochta)** – Comhoibriú tras-earnálach, nuálaíocht agus úsáid sonraí a fhorbairt tríd an líonra NDAN.
- » **Straitéis Chumarsáide** – Straitéis a chruthú chun tacú leis an straitéis sonraí, lena n-áirítear cásanna úsáide agus treoirlínte maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- » **Inniúlacht & Feasacht Sonraí** – Cur le creat scileanna chun cabhrú le foireann neamhtheicniúil na hearnála poiblí sonraí a thuiscint agus oibriú leo, rud a spreagfaidh ceannaireacht sonraí níos leithne.
- » **Ionad Scileanna Sármhaitheasa** – Mol a bhunú chun oiliúint, dea-chleachtas agus malartú eolais a chur ar fáil ar fud an chórais sonraí náisiúnta.
- » **Pobail Chleachtais (CoPanna)** – Grúpaí comhoibríocha a leathnú chun eolas a roinnt, dul i ngleic le dúshlán theicniúla, agus scileanna atá ag teacht chun cinn a fhorbairt.
- » **An tSeirbhís Náisiúnta Staidrimh** – An NSS a threisiú mar chumasóir straitéiseach trí leanúint de theicneoirí CSO a chur ar iasacht chun scileanna a thógáil, saineolas a roinnt, agus comhoibriú a chothú, ag cur an NDI chun cinn agus ag cur le cumais sonraí ar fud an chórais.



Sonraí Náisiúnta Nasctha



Léargais Chomhtháite

Nuálaíocht le haghaidh Tionchair



Réitigh Nua a Spreagadh

- » **Seomraí Sonraí Fíorúla** – Spásanna digiteacha slána, rialaithe a sholáthar chun anailís chomhoibríoch ar shonraí íogaire nó srianta.
 - » **Comhordaitheoirí Seirbhíse Sonraí CSO** – Comhordaitheoirí tiomnaithe a imscaradh chun saineolas a nascadh, comhsheasmhacht a bhunú ar fud an chórais, agus ról ceannaireachta agus comhordaithe an CSO i dtionscnaimh sonraí náisiúnta a neartú.
 - » **Catalóg Meiteashonraí** – Príomh-thacair sonraí CSO a chatalógú chun infhionntacht, trédhearcacht agus athúsáid a fheabhsú, ag tacú le VDRanna.
 - » **Caighdeán Sonraí agus Meiteashonraí** – Caighdeán chomhsheasmhacha agus prionsabail FAIR a chur chun cinn chun idir-inoibritheacht agus inchomparáideacht a fheabhsú.
 - » **Sonraí Oscailte Óstáilte** – Eagraíochtaí na hearnála poiblí a chumasú chun sonraí a fhoilsiú trí PxStat an CSO, ag cothú trédhearcachta, nuálaíochta agus rannpháirtíochta.
 - » **Cáilíocht Sonraí** – Caighdeán, uirlisí agus treoir a bhunú agus a tacú leo chun sonraí cruinne, iontaofa ar ardchaighdeán a chinntiú ar fud an Chórais Náisiúnta Staidrimh.
-
- » **Nuálaíocht Sonraí** – Tástáil modhanna, uirlisí agus píolótaí nua a spreagadh chun acmhainneacht na sonraí a léiriú maidir le dul i ngleic le dúshlán an fhíorshaoil.
 - » **Innealtóireacht Sonraí** – Rannóg nua Innealtóireachta Sonraí CSO a bhunú chun tacú le comhtháthú sonraí agus le VDRanna.
 - » **Sonraí i Seilbh Phríobháideach** – Creat a fhorbairt chun rochtain fhreagrach agus úsáid fhoinsí sonraí atá i seilbh phríobháideach a chur chun cinn chun léargais shóisialta agus eacnamaíocha luachmhara a ghiniúint. Cleachtais sheanbhunaithe a úsáid agus cloí le treoirlínte an AE chun an cuspóir seo a bhaint amach go héifeachtach.
 - » **Teicneolaíochtaí Nua** – IS, foghlaim mheaisín agus ard-anailísíocht a threisiú chun léargais níos doimhne a ghiniúint, seirbhísí a fheabhsú, agus deiseanna ar mhaithe le leas an phobail a aithint.
 - » **Samhail Sonraí CSO** – An tsamhail sonraí a athbhreithniú agus a nuashonrú chun foinsí sonraí, teicneolaíochtaí agus cur chuige anailíseacha nua a léiriú.
-

CUR CHUN FEIDHME

Beidh comhoibriú láidir ar fud an CSO, an rialtais, comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara seachtracha ag teastáil chun an straitéis seo a chur i gcrích. Tacóidh rialachas soiléir, infheistíocht chomhroinnte, agus tiomantas d'úsáid eiticíúil agus fhreagrach sonraí lena rath. Trí oibriú le chéile chun na cúig thaca straitéiseacha a chur i bhfeidhm, is féidir leis an CSO leanúint dá shainordú maidir le Staidreamh Oifigiúil, an bonneagar sonraí náisiúnta a neartú, iontaoibh an phobail a chothabháil, agus lánacmhainneacht na sonraí a scaoileadh chun saol a fheabhsú, beartas a mhúnlú, agus nuálaíocht inbhuanaithe don todhchaí a spreagadh.



Déanfaidh plean cur chun feidhme atá mionsonraithe, bunaithe ar mhéadrach, a aistríonn gach taca ina ghníomhartha nithiúla, amscálaí agus freagrachtaí soláthar rathúil na straitéise seo a threorú. Aithneoidh an plean seo na garspriocanna is tábhachtaí, tosca ratha riachtanacha, sannfaidh sé freagrachtaí agus acmhainní tacaíochta, agus leagfaidh sé amach bearta feidhmíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Déanfaidh an plean an mhéadracht agus na gníomhartha straitéiseacha a ailíniú leis na Céimeanna Forbartha Sonraí Náisiúnta ionas go mbeidh dul chun cinn trí na Céimeanna le feiceáil go soiléir. Treorófar an cur chun feidhme ag clár bhord le ceannaireacht ó réimsí gnó an CSO chun a chinntiú go bhfuil an straitéis ailínithe le riachtanais ghnó agus lenár sainordú chun Staidreamh Oifigiúil cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe a tháirgeadh. Tacóidh straitéisí Teicneolaíochta CSO agus Daoine 'Le Chéile' atá le teacht leis an bplean cur chun feidhme straitéise sonraí, ag cinntiú go bhfuil acmhainní uile an CSO dírithe ar luach a sholáthar dár gcustaiméirí.

Beidh infheistíocht i mbonneagar, acmhainní daonna agus rialachas sonraí ag teastáil freisin chun an cur chun feidhme a bhaint amach, agus déanfar é seo a bhainistiú laistigh de struchtúir rialachais reatha an CSO chun trédhearcacht, cuntasacht agus

úsáid éifeachtúil acmhainní a chinntiú. Dáilfear maoiniú don chur chun feidhme ar fud gach rannóige gnó agus seirbhíse a bhfuil baint acu leis an gcur chun feidhme. Déanfar pleananna mionsonraithe maidir le costais agus riachtanais acmhainní a fhorbairt, a dhoiciméadú agus a rianú sa phlean cur chun feidhme, ag cinntiú maoirseacht éifeachtach agus cinnteoireacht eolach.

Tá roinnt gníomhartha geallta cheana féin a thacóidh le cur chun feidhme tapa na straitéise in 2026, lena n-áirítear:

- » Bunú seirbhíse lánaimseartha Seomraí Sonraí Fóirúla a bhfuil sé mar aidhm aici 22 thionscadal VDR a thosú.
- » Nuashonrú ar shamhail sonraí an CSO chun foinsí sonraí, teicneolaíochtaí agus cur chuige anailíseacha nua a chur san áireamh
- » Forbairt agus seoladh catalóige meiteashonraí a dhéanfaidh taifead de phríomhshócmhainní sonraí an CSO chun tacú le trédhearcacht agus infhionntacht sonraí
- » Bunú rannóige nua Innealtóireachta Sonraí chun tacú le cur chun feidhme shamhail chéimeanna sonraí an CSO.

Trí fhís straitéiseach shoiléir a chomhcheangal le cur chuige struchtúrtha maidir le cur chun feidhme, cinnteoidh an straitéis seo go n-iompófar na tionscnaimh straitéiseacha uaillmhianacha, pleanáilte ina dtorthaí intomhaiste ar leibhéal Stiúrthóireachta agus Rannóige an CSO. Beidh ról lárnach ag an straitéis seo i soláthar Ráiteas Straitéise foriomlán an CSO, a athdhearbhaíonn ár misean chun cur síos ar Éire, a muintir, sochaí, geilleagar agus timpeallacht trí shonraí iontaofa, neamhspleácha agus léirsteanacha. Éascóidh sí freisin forbairt leanúnach ról ceannaireachta sonraí an CSO i bhforbairt éiceachóras sonraí náisiúnta iontaofa, nuálach agus éifeachtach a uasmhéadaíonn luach sonraí do chách.

